

AN SCÁLA TÁILLÍ D'IARRATAIS PHLEANÁLA

AICME NA FORBARTHA		MÉID AN TÁILLE	TÁILLE le HAGHAIDH CEAD COINNEÁLA
1.	Teach a sholáthar	€ 65	€ 1.95 nó € 2.50 an méadar cearnach de spás urláir comhlán a bhfuitear ag lorg cead lena aghaidh, cibé acu is mó
2.	(a) Aon oibreacha a dhéanfar chun teaghais atá ann cheana féin a chothabháil, a fheabhsú nó a athrú (lena n-áirítear aon oibreacha chun síneadh a sholáthar nó chun aon gharáiste, stór, seid nó aon struchtúr eile a athrú le bheith in úsáid mar chuid den teagmhais).	€ 34	€ 102 nó € 2.50 an méadar cearnach de spás urláir comhlán a bhfuitear a lorg cead lena aghaidh, cibé acu is mó
	(b) Aon oibreacha eile, lena n-áirítear struchtúir a chur suas, a thógáil nó a athrú, laistigh de nó ar theorainn chúirtealáiste tí atá ann cheana, chun críocha coimhdeacha don teach a theachtadh.	€ 34	€ 102 nó € 2.50 an méadar cearnach de spás urláir comhlán a bhfuitear a lorg cead lena aghaidh, cibé acu is mó
3.	Foirgnimh nó struchtúir eile a sholáthar chun críocha talmhaíochta nó cúnna a choinneáil	(i) I gcás foirgneamh, € 80 an ceann, nó € 1 an méadar cearnach de spás urláir comhlán níos mó ná 50 méadar cearnach, a bheidh le soláthar, i gcás foirgnimh le haghaidh cúnna a choinneáil nó níos mó ná 200 méadar cearnach in aon chás eile, cibé acu is mó.	(i) I gcás foirgneamh, € 240 an ceann, nó € 3 an méadar cearnach de spás urláir comhlán, níos mó ná 50 méadar cearnach, a bheidh le soláthar, i gcás foirgnimh le haghaidh cúnna a choinneáil nó 200 méadar cearnach in aon chás eile, cibé acu is mó,
		(ii) I gcás aon struchtúir eile, € 80 an ceann, agus faoi réir uasmhéid de € 300	(ii) i gcás aon struchtúir eile, € 240 an ceann, faoi réir uasmhéid de €900
4.	Foirgnimh seachas cinn laistigh d'aicmí 1,2, nó 3, a sholáthar.	€ 80 an foirgneamh, nó € 3.60 an méadar cearnach de spás urláir comhlán a bheidh le soláthar; cibé acu is mó	€ 240 an foirgneamh nó € 10.80 an méadar cearnach de spás urláir comhlán a bheidh le soláthar, cibé acu is mó.
5.	(a) Talamh neamhshaothraithe nó ceantair leathnádúrtha a úsáid do chríocha diantalmhaíochta.	€ 5 an heicteár d'achar an láithreáin	€ 15 an heicteár d'achar an láithreáin
	(b) An foraoisiú tosaigh	€ 5 an heicteár d'achar an láithreáin	€ 15 an heicteár d'achar an láithreáin
	(c) Speiceas cónaiféir a chur in ionad foraoise ard leathanduileach.	€ 80, nó €5 an heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€ 240, nó € 15 an heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
	(d) Baint Mhóna.	€ 5 an heicteár d'achar an láithreáin	€ 15 an heicteár d'achar an láithreáin
6.	Talamh in úsáid le haghaidh		

(a)	mianraí a aimsiú agus obair mhianadóireachta	€ 500, nó €50 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€ 1500 nó € 150 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
(b)	dramhaíl nó bruscar a dhiúscairt ann		
7. Talamh in úsáid le haghaidh			
(a)	Pubaill, veaineanna campála, carbháin nó struchtúir eile (cibé an féidir iad a bhogadh nó nach féidir nó an mbíonn siad infhillte) do chríocha daoine a bheith ag fanacht ann i gcarbháin, daoine a bheith ag campáil nó do chríocha earraí a dhíol	€ 80 , nó € 50 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€ 240, nó € 150 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
(b)	mótarfheithiclí a pháirceáil		
(c)	mótarfheithiclí nó rudaí nó substaintí eile a stóráil go hoscailte		
8.	Fearas nó innealra, umair nó struchtúir eile (seachas foirgnimh) do chríocha stórála a sholáthar ar thalamh, isteach thar talamh nó faoi thalamh.	€ 200, nó €50 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€ 600, nó € 150 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
9.	Struchtúr fógraíochta a sholáthar nó struchtúr atá ann cheana nó talamh eile a úsáid le haghaidh fógraí a thaispeáint .	€ 80, nó €20 an méadar cearnach, nó cuid de, de spás fógraíochta a bheidh le soláthar, cibé acu is mó.	€ 240 nó € 60 an méadar cearnach, nó cuid de, de spás fógraíochta a bheidh le soláthar, cibé acu is mó.
10.	Línte tarchuir nó línte dáilte lasnairde chun leictreachas a sheoladh, nó línte teileachumarsáide lasnairde a sholáthar	€ 80, nó €50 an 1,000 méadar ar fad, nó cuid de, cibé acu is mó.	€ 240, nó € 150 an 1,000 méadar ar fad, nó cuid de, cibé acu is mó.
11.	Talamh in úsáid mar chúrsa gailf nó mar chúrsa galf dhá mhaide	€ 50 an heicteár d'achar an láithreáin.	€ 150 an heicteár d'achar an láithreáin.
12.	Talamh in úsáid mar áit adhlactha	€ 200 , nó €50 an heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€ 600, nó € 150 an heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.
13.	Nuair nach dtiteann an fhorbairt laistigh de na haicmí roimhe seo	€ 80, nó € 10 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.	€ 240, nó € 30 an 0.1 heicteár d'achar an láithreáin, cibé acu is mó.

TÁILLÍ ILGHNÉITHEACHA

a.	Aighneacht nó Tuairim maidir le hiarratas pleanála	€ 20
b.	Iarratas ar dhearbhuí faoi alt 5 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, maidir le cad is forbairt ann agus cad nach ea, nó cad is forbairt díolmhaithe ann nó nach ea.	€ 80
c.	Iarratas faoi alt 42 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000, ar shíneadh a chur le thréimhse ceada.	€ 62